

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 119 an 4 Bealtaine 2016)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 4 Bealtaine 2016)

1. Ar leathanach 32, Airteagal 3(1):

in ionad: “1. Tá feidhm [...] is cuma cé acu an ndéantar an phróiseáil san Aontas nó nach ndéantar.”,

léitear: “1. Tá feidhm [...] is cuma cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an phróiseáil san Aontas.”.

2. Ar leathanach 33, pointe (1) d’Airteagal 4, tús phointe (1):

in ionad: “(1) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha saineathanta nó in-sainaitheanta (‘ábhar sonraí’)...”;

léitear: “(1) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (‘ábhar sonraí’)...”.

3. Ar leathanach 34, pointe (11) d’Airteagal 4:

in ionad: “(11) ciallaíonn ‘toiliú’ an ábhair sonraí aon chur in iúl atá sonrath, feasach agus gan athbhí, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi”;

léitear: “(11) ciallaíonn ‘toiliú’ an ábhair sonraí aon léiriú sonrath, feasach agus gan athbhí a thugtar faoi shaoirse ar mhianta an ábhair sonraí trína gcuireann sé nó sí in iúl, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, go n-aontaíonn sé nó sí le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi”.

4. Ar leathanach 35, pointe (22) d’Airteagal 4:

in ionad: “(22) ciallaíonn ‘údarás maoirseachta lena mbaineann’ údarás maoirseachta a mbaineann próiseáil sonraí pearsanta leis mar gurb amhlaidh:

(a) go bhfuil an rialaitheoir nó an próiseálaí bunaithe ar chríoch Bhallstáit an údaráis mhaoirseachta sin;

(b) go bhfuil éifeacht shubstainteach nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil ar ábhair sonraí atá ina gcónaí i mBallstát an údaráis mhaoirseachta sin; nó

(c) go ndearnadh gearán a thaisceadh leis an údarás maoirseachta sin”;

léitear: “(22) ciallaíonn ‘údarás maoirseachta lena mbaineann’ údarás maoirseachta a mbaineann próiseáil sonraí pearsanta leis mar gurb amhlaidh:

(a) go bhfuil an rialaitheoir nó an próiseálaí bunaithe ar chríoch Bhallstáit an údaráis maoirseachta sin;

(b) go bhfuil éifeacht shubstainteach nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil ar ábhair sonraí atá ina gcónaí i mBallstát an údaráis maoirseachta sin; nó

(c) go ndearnadh gearán a thaisceadh leis an údarás maoirseachta sin”.

5. Ar leathanach 37, Airteagal 8(1):

in ionad: “1. I gcás go mbeidh feidhm ag pointe (a) d’Airteagal 6(1), maidir le seirbhísí na sochaí faisnéise a thairiscint go díreach do leanbh, beidh próiseáil sonraí pearsanta linbh dleathach I gcás ian mbeidh an leanbh os cionn 16 bliana d’aois. Má tá an leanbh faoi bhun 16 bliana d’aois, ní bheidh an phróiseáil sin dleathach ach amháin má thugann nó má údaraíonn, agus a mhéid a thugann nó a údaraíonn, sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta as an leanbh an toiliú sin.

Féadfaidh ballstáit a fhoráil le dlí d’aois is oige chun na gcríoch sin, ar choinníoll nach bhfuil an aois sin faoi bhun 13 bliana d’aois.”

léitear: “1. I gcás go mbeidh feidhm ag pointe (a) d’Airteagal 6(1), maidir le seirbhísí na sochaí faisnéise a thairiscint go díreach do leanbh, beidh próiseáil sonraí pearsanta linbh dleathach i gcás ina mbeidh an leanbh 16 bliana d’aois ar a laghad. Má tá an leanbh faoi bhun 16 bliana d’aois, ní bheidh an phróiseáil sin dleathach ach amháin má thugann nó má údaraíonn, agus a mhéid a thugann nó a údaraíonn, sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta as an leanbh an toiliú sin.

Féadfaidh Ballstáit a fhoráil le dlí d’aois is lú ná sin chun na gcríoch sin, ar choinníoll nach bhfuil an aois is lú sin faoi bhun 13 bliana d’aois.”

6. Ar leathanach 40, Airteagal 12(5):

in ionad: “5. Cuirfear faisnéis a sholáthraítear faoi Airteagal 13 agus Airteagal 14 ar fáil saor in aisce mar aon le haon chumarsáid agus aon ghníomh a dhéanfar faoi Airteagal 15 go hAirteagal 22 agus faoi Airteagal 34. I gcás inar léir go follasach go bhfuil iarrataí ón ábhar sonraí gan bhunús nó iomarcach, go háirithe toisc go bhfuil siad athráiteach, féadfaidh an rialaitheoir ceann acu seo a leanas a dhéanamh:

(a) táille réasúnach a ghearradh chun na costais a bhaineann leis an bhfaisnéis a chur ar fáil nó as gníomhaíocht a dhéanamh mar a iarradh a chur san áireamh;

ó

(b) diúltóidh sé gníomhú ar an iarratas.”

léitear: “5. Cuirfear faisnéis a sholáthraítear faoi Airteagal 13 agus Airteagal 14 ar fáil saor in aisce mar aon le haon chumarsáid agus aon ghníomhaíochtaí a dhéanfar faoi Airteagal 15 go hAirteagal 22 agus faoi Airteagal 34. I gcás inar follasach go bhfuil iarrataí ó ábhar sonraí gan bhunús nó go bhfuil siad iomarcach, go háirithe mar gheall ar a atarlaithe atá siad, féadfaidh an rialaitheoir ceann acu seo a leanas a dhéanamh:

(a) táille réasúnach a ghearradh agus na costais riaracháin a bhaineann leis an bhfaisnéis nó an chumarsáid a iarradh a sholáthar, nó as an ngníomhaíocht a iarradh a dhéanamh, á gcur san áireamh;

nó

(b) diúltú gníomhú ar an iarraidh.”

7. Ar leathanach 40, Airteagal 13(1), na focail réamhráiteacha:

in ionad: “1. I gcás go mbailítear sonraí pearsanta ábhar sonraí ón ábhar sonraí, tabharfaidh an rialaitheoir an fhaisnéis uile faoin méid seo a leanas don ábhar sonraí tráth a fhaighfear na sonraí pearsanta:”

léitear: “1. I gcás go mbailítear sonraí pearsanta a bhaineann le hábhar sonraí ón ábhar sonraí, tabharfaidh an rialaitheoir an fhaisnéis uile seo a leanas don ábhar sonraí tráth a gheofar na sonraí pearsanta:”

8. Ar leathanach 40, Airteagal 13(1), pointe (b):

in ionad: “(b) sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí, i gcás inarb ábhartha;”

léitear: “(b) sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí, i gcás inarb infheidhme;”

9. Ar leathanach 41, Airteagal 13(2):

in ionad: “2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh an rialaitheoir tráth a fhaighfear sonraí pearsanta don ábhar sonraí, an fhaisnéis bhreise sin is gá chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú;”

léitear: “2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh an rialaitheoir don ábhar sonraí, tráth a gheofar sonraí pearsanta, an fhaisnéis bhreise seo a leanas is gá chun próiseáil chothrom thrédhearcach a áirithiú;”

10. Ar leathanach 42, Airteagal 14(5), pointe (b):

in ionad: “(b) tá sé dodhéanta an fhaisnéis sin a chur ar fáil nó bhainfeadh iarracht dhíréireach lena cur ar fáil go háirithe nó chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí a leagtar síos in Airteagal 89(1) nó a mhéid is dócha nach féidir a chun na críocha sin h a ghnóthú de bharr an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó go ndéanfar an gnóthú sin a lagú go mór; Sna cásanna sin déanfaidh an rialaitheoir na bearta is gá chun cearta, saoirsí agus leasanna dlísteanaigh an ábhair sonraí a chosaint, lena n-áirítear an fhaisnéis an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí;”

léitear: “(b) tá sé dodhéanta an fhaisnéis sin a sholáthar nó bhainfeadh iarracht dhíréireach lena soláthar, go háirithe le haghaidh próiseáil chun críoch cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críoch taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críoch staidrimh, faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear in Airteagal 89(1) nó a mhéid is dócha go bhféadfaidh an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo go mbeadh sé dodhéanta cuspóirí na próiseála sin a bhaint amach nó go gcuirfí isteach go mór ar bhaint amach na gcuspóirí sin. Sna cásanna sin, déanfaidh an rialaitheoir na bearta is gá chun cearta, saoirsí agus leasanna dlísteanaigh an ábhair sonraí a chosaint, lena n-áirítear an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí;”

11. Ar leathanach 43, Airteagal 15(3), an dara habairt:

in ionad: “I gcás ina ndéanann an t-ábhar sonraí trí mheán leictreonach, agus mura n-iarrann an t-ábhar sonraí a mhalairt, cuirfear an fhaisnéis ar fáil i bhfoirm leictreonach a úsáidtear go coitianta;”

léitear: “I gcás ina ndéanann an t-ábhar sonraí an iarraidh trí mheán leictreonach, agus mura n-iarrann an t-ábhar sonraí a mhalairt, cuirfear an fhaisnéis ar fáil i bhfoirm leictreonach a úsáidtear go coitianta;”

12. Ar leathanach 43, Airteagal 16, an dara habairt:

in ionad: “Agus na críocha dár ndearnadh an phróiseáil a gcur san áireamh, beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go ndéanfar sonraí neamhiomlána a chomhlánú, lena n-áirítear de bhíthin soláthair ráitis fhorlíontaigh;”

léitear: “Agus na críocha dá ndearnadh an phróiseáil á gcur san áireamh, beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go ndéanfar sonraí pearsanta neamhiomlána a chomhlánú, lena n-áirítear de bhíthin ráiteas forlíontach a sholáthar;”

13. Ar leathanach 44, Airteagal 17(3), pointe (d):

in ionad: “(d) chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh i gcomhréir le hAirteagal 89(1) a mhéid is dócha nach féidir cuspóirí na próiseála sin a ghnóthú nó go ndéanfaí dochar dá ngnóthú de bharr an chirt dá dtagraítear i mír 1; nó”,

léitear: “(d) chun críoch cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críoch taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críoch staidrimh i gcomhréir le hAirteagal 89(1) a mhéid is dócha go bhfágann an ceart dá dtagraítear i mír 1 go mbeadh sé dodhéanta cuspóirí na próiseála sin a bhaint amach nó go gcuirfí isteach go mór ar bhaint amach na gcuspóirí sin; nó”.

14. Ar leathanach 45, Airteagal 21(1):

in ionad: “1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí agóid a dhéanamh, ar fhorais a bhaineann lena staid leithleach féin, ag am ar bith, i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi féin agus é arna bhunú ar phointe (e) nó nó ar phointe (f) d’Airteagal 6(1), lena n-áirítear próifíliú bunaithe ar na forálacha sin.”,

léitear: “1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí agóid a dhéanamh, ar fhorais a bhaineann lena staid leithleach féin, ag am ar bith, i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi féin agus é arna bhunú ar phointe (e) nó ar phointe (f) d’Airteagal 6(1), lena n-áirítear próifíliú bunaithe ar na forálacha sin.”.

15. Ar leathanach 46, Airteagal 22(2):

in ionad: “2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 más fíor an méid seo a leanas dtaca leis an gcinneadh.”,

léitear: “2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 más fíor an méid seo a leanas i dtaca leis an gcinneadh.”.

16. Ar leathanach 47, Airteagal 23(2), pointe (h):

in ionad: “(h) an ceart atá agna hábhair sonraí [...]”,

léitear: “(h) an ceart atá ag na hábhair sonraí [...]”.

17. Ar leathanach 48, Airteagal 25(2), an dara habairt:

in ionad: “Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an méid sonraí a bhailítear, an oiread próiseála dhéantar orthu, an tréimhse a stóráiltear iad lena linn agus an rochtain atá orthu.”,

léitear: “Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an méid sonraí pearsanta a bhailítear, an oiread próiseála a dhéantar orthu, an tréimhse a stóráiltear iad lena linn agus an rochtain atá orthu.”.

18. Ar leathanach 48, Airteagal 26(2):

in ionad: “2. Maidir leis an gcomhshocrú dá dtagraítear i mír 1, leireofar ann [...]”,

léitear: “2. Maidir leis an gcomhshocrú dá dtagraítear i mír 1, leireofar go cuí ann [...]”.

19. Ar leathanach 48, Airteagal 27, an teideal:

in ionad: “Ionadaithe do rialaitheoirí nó do phróiseálaithe nach bhfuil bunaithe san Aontas”,

léitear: “Ionadaithe rialaitheoirí nó próiseálaithe nach bhfuil bunaithe san Aontas”.

20. Ar leathanach 49, Airteagal 28(3), pointe (e):

in ionad: “(e) agus cineál na próiseála á chursan áireamh, [...]”,

léitear: “(e) agus cineál na próiseála á chur san áireamh, [...]”.

21. Ar leathanach 49, Airteagal 28(3), pointe (h):

in ionad: “(h) cuirfidh sé ar fáil don rialaitheoir an fhaisnéis uile is gá chun comhlíonadh na n-oibleagáidí atá leagtha síos san Airteagal seo a thaispeáint agus [...]”,

léitear: “(h) cuirfidh sé ar fáil don rialaitheoir an fhaisnéis uile is gá chun comhlíonadh na n-oibleagáidí atá leagtha síos san Airteagal seo a thaispeáint agus [...]”.

22. Ar leathanach 50, Airteagal 30(1):

in ionad: “Áireofar an fhaisnéis uile eo a leanas sa taifead sin.”,

léitear: “Áireofar an fhaisnéis uile seo a leanas sa taifead sin.”.

23. Ar leathanach 52, Airteagal 33(3), pointe (d):

in ionad: “(d) tabharfar tuairisc ar na bearta atá déanta ag an rialaitheoir nó atá beartaithe aige a dhéanamh le haghaidh a ttabhairt ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, [...]”,

léitear: “(d) tabharfar tuairisc ar na bearta atá déanta ag an rialaitheoir nó atá beartaithe aige a dhéanamh le haghaidh a thabhairt ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, [...]”.

24. Ar leathanach 52, Airteagal 33(5), an dara habairt:

in ionad: “Leis an doiciméadacht sin, cuirfear ar chumas an údaráis mhaoirseachta a fhíorú an bhfuil an tAirteagal seo á chomhlíonadh.”,

léitear: “Leis an doiciméadacht sin, cuirfear ar chumas an údaráis maoirseachta a fhíorú an bhfuil an tAirteagal seo á chomhlíonadh.”.

25. Ar leathanach 54, Airteagal 36(2), an dara habairt:

in ionad: “Cuirfidh an t-údarás maoirseachta an rialaitheoir agus [...]”,

léitear: “Cuirfidh an t-údarás maoirseachta an rialaitheoir agus [...]”.

26. Ar leathanach 56, Airteagal 40(1):

in ionad: “1. Tabharfaidh na Ballstáit, [...] mar aon le riachtanais sonracha na micreafhiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide.”

léitear: “1. Tabharfaidh na Ballstáit, [...] mar aon le riachtanais shonracha micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide.”

27. Ar leathanach 57, Airteagal 40(3):

in ionad: “3. De bhreis ar rialaitheoirí nó próiseálaithe atá faoi réir an Rialacháin seo do chloí leo, féadfaidh rialaitheoirí nó próiseálaithe nach bhfuil [...]”.

léitear: “3 De bhreis ar rialaitheoirí nó próiseálaithe atá faoi réir an Rialacháin seo do chloí leo, féadfaidh rialaitheoirí nó próiseálaithe nach bhfuil [...]”.

28. Ar leathanach 57, Airteagal 40(5), an chéad abairt:

in ionad: “5. Comhlachais agus comhlachtaí eile dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a bhfuil sé beartaithe acu cód iompair a ullmhú nó cód iompair atá ann a leasú nó síneadh a chur leis, cuirfidh siad an dréachtchód, an leasú nó an síneadh faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta atá inniúil de bhun Airteagal 55.”

léitear: “5. Comhlachais agus comhlachtaí eile dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a bhfuil sé beartaithe acu cód iompair a ullmhú nó cód atá ann a leasú nó síneadh a chur leis, cuirfidh siad an dréachtchód, an leasú nó an síneadh faoi bhráid an údaráis maoirseachta atá inniúil de bhun Airteagal 55.”

29. Ar leathanach 58, Airteagal 41(1):

in ionad: “1. Gan dochar do chúraimí ná do chumhachtaí an údaráis mhaoirseachta atá inniúil faoi [...]”.

léitear: “1. Gan dochar do chúraimí agus do chumhachtaí an údaráis maoirseachta atá inniúil faoi [...]”.

30. Ar leathanach 59, Airteagal 42(2):

in ionad: “2. De bhreis ar rialaitheoirí nó próiseálaithe atá faoi réir an Rialacháin seo do chloí le sásraí deimhniúcháin um chosaint sonraí, séaláí [...]”.

léitear: “2. De bhreis ar rialaitheoirí nó próiseálaithe atá faoi réir an Rialacháin seo do chloí le sásraí deimhniúcháin um chosaint sonraí, séaláí [...]”.

31. Ar leathanach 60, Airteagal 43(5):

in ionad: “5. Tabharfaidh na comhlachtaí deimhniúcháin dá dtagraítear i mír 1 na cúiseanna do na húdaráis inniúla mhaoirseachta ar tugadh nó ar tarraingíodh siar an deimhniú a iarradh dá mbarr.”

léitear: “5 Tabharfaidh na comhlachtaí deimhniúcháin dá dtagraítear i mír 1 na cúiseanna do na húdaráis inniúla mhaoirseachta ar tugadh nó ar tarraingíodh siar an deimhniú a iarradh dá mbarr.”

32. Ar leathanach 61, Airteagal 45(5), an dara fomhír:

in ionad: “Ar mhórchúiseanna prainne a bhfuil bonn cirt cuí leo, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach i gcomhéir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 93(3).”,

léitear: “Ar mhórchúiseanna prainne a bhfuil bonn cirt cuí leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 93(3).”.

33. Ar leathanach 61, Airteagal 45(7):

in ionad: “7. Is gan dochar a bheidh cinneadh de bhun mhír 5 den Airteagal seo d’aistrithe sonraí pearsanta go dtí an tríú tír, go dtí an chríoch nó go hearnáil shonraithe amháin nó níos mó laistigh den tríú tír sin, nó go dtí an eagraíocht idirnáisiúnta de bhun Airteagal 46 go hAirteagal 49.”,

léitear: “7. Ní dochar cinneadh de bhun mhír 5 den Airteagal seo d’aistrithe sonraí pearsanta go dtí an tríú tír, go críoch nó go hearnáil shonraithe amháin nó níos mó laistigh den tríú tír sin, nó go dtí an eagraíocht idirnáisiúnta a bheidh i gceist de bhun Airteagal 46 go hAirteagal 49.”.

34. Ar leathanach 62, Airteagal 47, an teideal:

in ionad: “Rialacha ceangailteacha corparáideacha”,

léitear: “Rialacha ceangailteacha corparáideacha”.

35. Ar leathanach 63, Airteagal 47(2), pointe (f):

in ionad: “(f) go nglacann an rialaitheoir nó an próiseálaí atá bunaithe ar chríoch Ballstáit le dliteanas i gcás ina sáraíonn aon chomhalta lena mbaineann nach bhfuil bunaithe san Aontas na rialacha ceangailteacha corparáideacha; ní bheidh an rialaitheoir nó an próiseálaí [...]”;

léitear: “(f) go nglacann an rialaitheoir nó an próiseálaí atá bunaithe ar chríoch Bhallstáit le dliteanas i gcás ina sáraíonn aon chomhalta lena mbaineann nach bhfuil bunaithe san Aontas na rialacha ceangailteacha corparáideacha; ní bheidh an rialaitheoir nó an próiseálaí [...]”.

36. Ar leathanach 63, Airteagal 47(2), pointe (j), an dara habairt:

in ionad: “Ba cheart torthaí an fhíoraithe sin a chur in iúl don duine nó don eintiteas dá dtagraítear i bpointe (h) agus do bhord an ghnóthais rialaithe de ghrúpa gnóthas nó de ghrúpa fiontar [...]”,

léitear: “Ba cheart torthaí an fhíoraithe sin a chur in iúl don duine nó don eintiteas dá dtagraítear i bpointe (h) agus do bhord an ghnóthais rialaithe de ghrúpa gnóthas, nó den ghrúpa fiontar [...]”.

37. Ar leathanach 64, Airteagal 49(1), an dara fomhír:

in ionad: “I gcás nach bhféadfaí aistriú a bhunú ar fhoráil in Airteagal 45 nó in Airteagal 46, lena n-áirítear forálacha rialacha ceangailteacha corparáideacha, agus nach bhfuil aon cheann de na maoluithe do chásanna sonracha dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo infheidhme mura aistriú atarlaitheach é, mura mbaineann sé ach le líon teoranta ábhar sonraí, más gá é chun críocha na leasanna dlisteanacha tathantacha atá á saothrú ag an rialaitheoir agus nach bhfuil sáraíocht ag leasanna, cearta nó saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí orthu, agus measúnú déanta ag an rialaitheoir ar na himthosca ar fad a bhaineann le haistriú na sonraí pearsanta agus, ar bhonn an mheasúnaithe sin go bhfuil coimircí oiriúnacha soláthraithe aige i ndáil le cosaint sonraí pearsanta....”,

léitear: “I gcás nach bhféadfaí aistriú a bhunú ar fhoráil in Airteagal 45 nó 46, lena n-áirítear na forálacha maidir le rialacha ceangailteacha corparáideacha, agus nach bhfuil aon cheann de na maoluithe do chás sonracha dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo infheidhme, ní fhéadfar aistriú chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta a dhéanamh ach amháin sa chás nach aistriú atarlaitheach é, nach mbaineann sé ach le líon teoranta ábhar sonraí, gur gá é chun críocha leasanna dlisteanacha tathantacha atá á saothrú ag an rialaitheoir agus nach bhfuil sáraíocht ag leasanna, cearta nó saoirsí an ábhair sonraí orthu, agus go bhfuil measúnú déanta ag an rialaitheoir ar na himthosca ar fad a bhaineann leis an aistriú sonraí agus, ar bhonn an mheasúnaithe sin, go bhfuil coimircí oiriúnacha soláthraithe aige i ndáil le cosaint sonraí pearsanta”.

38. Ar leathanach 66, Airteagal 52(3):

in ionad: “3. Staonfaidh comhalta nó comhaltaí gach údaráis mhaoirseachta ó aon ghníomh [...]”,

léitear: “3. Staonfaidh comhalta nó comhaltaí gach údaráis maoirseachta ó aon ghníomh [...]”.

39. Ar leathanach 66, Airteagal 52(5):

in ionad: “5. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh a fhoireann féin ag gach údarás maoirseachta, arna roghnú aige féin, ar foireann í a bheidh faoi réir stiúradh ag comhalta nó comhaltaí an údaráis mhaoirseachta lena mbaineann.”,

léitear: “5. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh a fhoireann féin ag gach údarás maoirseachta, arna roghnú aige féin, ar foireann í a bheidh faoi réir stiúradh eisiach ag comhalta nó comhaltaí an údaráis maoirseachta lena mbaineann.”.

40. Ar leathanach 66, Airteagal 53, an teideal:

in ionad: “Coinníollacha ginearálta do chomhaltaí an údaráis mhaoirseachta”,

léitear: “Coinníollacha ginearálta do chomhaltaí an údaráis maoirseachta”.

41. Ar leathanach 66, Airteagal 53(1):

in ionad: “1. déanfaidh na Ballstáit foráil go bhfuil gach comhalta [...]”,

léitear: “1. Déanfaidh na Ballstáit foráil go bhfuil gach comhalta [...]”.

42. Ar leathanach 66, Airteagal 53(1), an ceathrú fleasc:

in ionad: “— comhlacht neamhspleách ar a gcuirtear de chúraman ceapachán a dhéanamh faoi dhlí Ballstáit,”,

léitear: “— comhlacht neamhspleách ar a gcuirtear de chúram an ceapachán a dhéanamh faoi dhlí Ballstáit.”.

43. Ar leathanaigh 66 agus 67, Airteagal 54:

in ionad:

“1. Forálfaidh gach Ballstát le dlí do gach ceann den mhéid seo a leanas:

- (a) bunú gach údaráis mhaoirseachta;
- (b) cáilíochtaí agus coinníollacha incháilitheachta atá riachtanach le bheith ceaptha mar chomhalta de gach údarás maoirseachta;
- (c) na rialacha agus na nósanna imeachta chun comhalta nó comhaltaí gach údaráis mhaoirseachta a cheapadh;
- (d) fad an téarma don chomhalta nó do chomhaltaí gach údaráis mhaoirseachta, téarma nach lú ná ceithre bliana, seachas i gcás an chéad cheapacháin tar éis an 24 Bealtaine 2016, arbh fhéidir tréimhse níos gairide a bheith i gceist le cuid de sa chás inar gá sin chun neamhspleáchas an údaráis mhaoirseachta a chosaint trí nós imeachta ceapacháin a bheith agaithe;
- (e) na téarmaí athcheapacháin a d'fhéadfadh comhalta nó comhaltaí gach údaráis mhaoirseachta a bheith incháilithe lena n-aghaidh, agus, i gcás ina mbeidh sé nó siad incháilithe, líon na dtéarmaí, agus
- (f) na coinníollacha lena rialaítear oibleagáidí comhalta nó comhaltaí agus foireann gach údaráis mhaoirseachta, aon toirmisc ar ghníomhaíochtaí, agus gairmeacha beatha agus sochair nach bhfuil ag luí leis na hoibleagáidí sin le linn an téarma oifige agus ina dhiaidh agus rialacha lena rialaítear scor na fostaíochta.

2. Beidh comhalta nó comhaltaí agus foireann gach údaráis mhaoirseachta, i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, faoi réir dualgas rúndachta gairmiúla, le linn agus i ndiaidh a dtéarma oifige, maidir le haon fhaisnéis rúnda a dtagann siad uirthi le linn dóibh bheith ag comhlíonadh a ndualgas nó ag feidhmiú a gcumhachtaí. Le linn a dtéarma oifige, bainfidh an dualgas rúndachta gairmiúla sin go háirithe le sárúithe ar an Rialachán seo a bheith á dtuairisciú ag daoine nádúrtha le linn a dtéarma oifige.”.

léitear:

“1. Forálfaidh gach Ballstát le dlí do gach ceann den mhéid seo a leanas:

- (a) bunú gach údaráis maoirseachta;
- (b) cáilíochtaí agus coinníollacha incháilitheachta atá riachtanach le bheith ceaptha mar chomhalta de gach údarás maoirseachta;
- (c) na rialacha agus na nósanna imeachta chun comhalta nó comhaltaí gach údaráis maoirseachta a cheapadh;
- (d) fad an téarma do chomhalta nó comhaltaí gach údaráis maoirseachta, téarma nach lú ná ceithre bliana, seachas i gcás an chéad cheapacháin tar éis an 24 Bealtaine 2016, ar féidir tréimhse níos giorra a bheith i gceist le cuid de sa chás inar gá sin chun neamhspleáchas an údaráis maoirseachta a chosaint trí nós imeachta ceapacháin a bheith agaithe;
- (e) cé acu atá nó nach bhfuil comhalta nó comhaltaí gach údaráis maoirseachta incháilithe lena n-athcheapadh agus, i gcás ina bhfuil, líon na dtéarmaí athcheapacháin; agus
- (f) na coinníollacha lena rialaítear oibleagáidí comhalta nó comhaltaí agus foireann gach údaráis maoirseachta, toirmisc ar ghníomhaíochtaí, agus gairmeacha beatha agus sochair nach bhfuil ag luí leis na hoibleagáidí sin le linn an téarma oifige agus ina dhiaidh agus rialacha lena rialaítear scor fostaíochta.

2. Beidh comhalta nó comhaltaí agus foireann gach údaráis maoirseachta, i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, faoi réir dualgas rúndachta gairmiúla, le linn agus i ndiaidh a dtéarma oifige, maidir le haon fhaisnéis faoi rún a dtagann siad uirthi le linn dóibh bheith ag comhlíonadh a gcúraimí nó ag feidhmiú a gcumhachtaí. Le linn a dtéarma oifige, bainfidh an dualgas rúndachta gairmiúla sin go háirithe le sárúithe ar an Rialachán seo a bheith á dtuairisciú ag daoine nádúrtha.”.

44. Ar leathanach 67, Airteagal 56, an teideal:

in ionad: “Inniúlacht an príomhúdaráis mhaoirseachta”,

léitear: “Inniúlacht an phríomhúdaráis maoirseachta”.

45. Ar leathanach 67, Airteagal 56(3):

in ionad: “3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, cuirfidh an t-údarás maoirseachta an príomhúdarás maoirseachta ar an eolas faoin ábhar sin gan mhoill. Laistigh de thréimhse trí seachtaine tar éis dó a bheith curtha ar an eolas, déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta cinneadh cibé acu an ndéanfaidh sé an cás a láimhseáil nó nach ndéanfaidh i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 60, agus é á chur san áireamh cibé acu an bhfuil bunaíocht ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí i mBallstát an údaráis mhaoirseachta a chuir ar an eolas é nó nach bhfuil.”

léitear: “3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, cuirfidh an t-údarás maoirseachta an príomhúdarás maoirseachta ar an eolas faoin ábhar sin gan mhoill. Laistigh de thréimhse trí seachtaine tar éis dó a bheith curtha ar an eolas, déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta cinneadh cibé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé an cás a láimhseáil i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 60, agus é á chur san áireamh cibé acu atá nó nach bhfuil bunaíocht ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí sa Bhallstát ar chuir an t-údarás maoirseachta ar an eolas faoi é.”

46. Ar leathanach 68, Airteagal 56(4), an chéad abairt:

in ionad: “4. I gcás ina gcinnfidh an príomhúdarás maoirseachta an cás a láimhseáil, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 54a. Féadfaidh an t-údarás maoirseachta a chuir an príomhúdarás maoirseachta ar an eolas dréacht le haghaidh cinnidh a chur faoi bhráid an phríomhúdaráis mhaoirseachta sin.”

léitear: “4. I gcás ina gcinnfidh an príomhúdarás maoirseachta an cás a láimhseáil, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 60. Féadfaidh an t-údarás maoirseachta a chuir an príomhúdarás maoirseachta ar an eolas dréacht le haghaidh cinnidh a chur faoi bhráid an phríomhúdaráis maoirseachta.”

47. Ar leathanach 70, Airteagal 58(5):

in ionad: “5. Forálfaidh gach Ballstát le dlí go mbeidh de chumhacht ag a údarás maoirseachta sáruihte ar an Rialachán seo a thabhairt os comhair na n-údarás breithiúnach agus, i gcás inarb iomchuí, imeachtaí dlíthiúla a thosú nó dul ina mbun ar bhealach eile d’fhonn forálacha an Rialacháin seo a fhorfheidhmiú.”

léitear: “5. Forálfaidh gach Ballstát le dlí go mbeidh de chumhacht ag a údarás maoirseachta aird na n-údarás breithiúnach a tharraingt ar sháruihte ar an Rialachán seo agus, i gcás inarb iomchuí, imeachtaí dlíthiúla a thosú nó dul ina mbun ar bhealach eile d’fhonn forálacha an Rialacháin seo a fhorfheidhmiú.”

48. Ar leathanach 71, Airteagal 60(10):

in ionad: “10. Tar éis fógra a fháil maidir le cinneadh an phríomhúdaráis mhaoirseachta de bhun mhír 7, agus de bhun mhír 9 [...]”,

léitear: “10. Tar éis fógra a fháil maidir le cinneadh an phríomhúdaráis maoirseachta de bhun mhíreanna 7 agus 9, [...]”.

49. Ar leathanach 73, Airteagal 62(3):

in ionad: “3. Féadfaidh údarás maoirseachta, i gcomhréir le dlí Ballstáit, agus le húdarú an údaráis mhaoirseachta tionscnaimh údaráis maoirseachta is iasachtóir atá bainteach, cumhachtaí, lena n-áirítear cumhachtaí imscrúdaitheacha, a thabhairt do chomhaltaí nó d’fhoireann an údaráis mhaoirseachta tionscnaimh atá i mbun oibríochtaí comhpháirteacha nó, a mhéid is a cheadaítear le dlí Bhallstát an údaráis mhaoirseachta óstaigh, ceadú do chomhaltaí nó d’fhoireann an údaráis mhaoirseachta tionscnaimh a

gcumhachtaí imscrúdaitheacha a fheidhmiú i gcomhréir le dlí Bhallstát an údaráis mhaoirseachta tionscnaimh. Ní fhéadfar na cumhachtaí imscrúdaitheacha sin a fheidhmiú ach amháin faoi threoir agus i láthair chomhaltaí nó fhoireann an údaráis mhaoirseachta óstaigh. Beidh comhaltaí nó foireann an údaráis mhaoirseachta tionscnaimh faoi réir dhlí Ballstát an údaráis mhaoirseachta óstaigh.”

léitear: “3. Féadfaidh údarás maoirseachta, i gcomhréir le dlí Ballstáit, agus le húdarú an údaráis maoirseachta is iasachtóir, cumhachtaí, lena n-áirítear cumhachtaí imscrúdaitheacha, a thabhairt do chomhaltaí nó d’fhoireann an le hoibríochtaí comhpháirteacha nó, a mhéid a cheadaítear le dlí Bhallstát an údaráis maoirseachta óstaigh, ceadú do chomhaltaí nó d’fhoireann an údaráis maoirseachta is iasachtóir a gcumhachtaí imscrúdaitheacha a fheidhmiú i gcomhréir le dlí Bhallstát an údaráis maoirseachta is iasachtóir. Ní fhéadfar na cumhachtaí imscrúdaitheacha sin a fheidhmiú ach amháin faoi threoir agus i láthair chomhaltaí nó fhoireann an údaráis maoirseachta óstaigh. Beidh comhaltaí nó foireann an údaráis maoirseachta is iasachtóir faoi réir dhlí Ballstát an údaráis maoirseachta óstaigh.”

50. Ar leathanach 73, Airteagal 62(4):

in ionad: “4. I gcás inarb amhlaidh, i gcomhréir le mír 1, go bhfuil foireann údaráis mhaoirseachta tionscnaimh ag feidhmiú i mBallstát eile, glacfaidh Ballstát an údaráis mhaoirseachta óstaigh freagracht as a ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear dliteanas, i leith aon damáiste a dhéanfaidh siad agus iad i mbun a n-oibríochtaí, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit a mbeidh siad ag oibriú ar a chríoch.”

léitear: “4. I gcás inarb amhlaidh, i gcomhréir le mír 1, go bhfuil foireann údaráis maoirseachta is iasachtóir ag feidhmiú i mBallstát eile, glacfaidh Ballstát an údaráis maoirseachta óstaigh freagracht as a ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear dliteanas, i leith aon damáiste a dhéanfaidh siad agus iad i mbun a n-oibríochtaí, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit a mbeidh siad ag oibriú ina chríoch.”

51. Ar leathanach 73, Airteagal 62(5):

in ionad: “5. An Ballstát ar ina chríoch a rinneadh an damáiste, slánóidh sé an damáiste sin faoi na coinníollacha is infheidhme maidir le damáiste a rinne a foireann féin. Ballstát an údaráis mhaoirseachta tionscnaimh a ndearna a foireann damáiste do dhuine ar bith i gcríoch Ballstáit eile, cúiteoidh sé leis an mBallstát eile sin ina iomláine aon suimeanna a d’íoc sé leis na daoine a bhí ina dteideal thar a gceann sin.”

léitear: “5. An Ballstát ar ina chríoch a rinneadh an damáiste, slánóidh sé an damáiste sin faoi na coinníollacha is infheidhme maidir le damáiste a rinne a fhoireann féin. Ballstát an údaráis maoirseachta is iasachtóir a ndearna a fhoireann damáiste do dhuine ar bith i gcríoch Ballstáit eile, cúiteoidh sé leis an mBallstát eile sin ina iomláine aon suimeanna a d’íoc sé leis na daoine a bhí ina dteideal thar a gceann sin.”

52. Ar leathanach 74, Airteagal 64(7):

in ionad: “7. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta dá dtagraítear i mír 1 an tuairim ón mBord san áireamh ina hiomláine agus cuirfidh sé in iúl trí mheán leictreonach do Chathaoirleach an Bhoird laistigh de choicís tar éis dó an tuairim a fháil cibé acu an seasfaidh sé leis an dréachtchinneadh nó an leasóidh sé é [...]”.

léitear: “7. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta dá dtagraítear i mír 1 an tuairim ón mBord san áireamh ina hiomláine agus cuirfidh sé in iúl trí mheán leictreonach do Chathaoirleach an Bhoird laistigh de choicís tar éis dó an tuairim a fháil cibé acu a sheasfaidh nó nach seasfaidh sé leis an dréachtchinneadh nó an leasóidh nó nach leasóidh sé é [...]”.

53. Ar leathanach 77, Airteagal 70(1), pointe (g):

in ionad: “(g) eiseoidh sé treoirlínte, moltaí agus na cleachtais is fearr i gcomhréir le pointe (e) den mhír seo le haghaidh na sárúithe ar na sonraí pearsanta a shuíomh agus le cinneadh a dhéanamh maidir leis an moill mhíchúí dá dtagraítear in Airteagal 33 (1) agus (2), agus maidir leis na himthosca ar leith ina gceanglaítear ar rialaitheoir nó próiseálaí fógra a thabhairt maidir leis an sárú i ndáil le sonraí pearsanta;”

léitear: “(g) eiseoidh sé treoirlínte, moltaí agus na cleachtais is fearr i gcomhréir le pointe (e) den mhír seo chun na sárúithe ar shonraí pearsanta a shuíomh agus le cinneadh a dhéanamh maidir leis an moill mhíchúí dá dtagraítear in Airteagal 33 (1) agus (2), agus maidir leis na himthosca ar leith ina gceanglaítear ar rialaitheoir nó próiseálaí fógra a thabhairt maidir leis an sárú ar shonraí pearsanta;”

54. Ar leathanach 80, Airteagal 79(1):

in ionad: “1. [...] i gcás ina measann sé nó sí gur sáraíodh a gcearta faoin Rialachán seo mar thoradh ar phróiseáil a shonraí pearsanta nó sonraí pearsanta i nemh-chomhlíonadh an Rialacháin seo.”

léitear: “1. [...] i gcás ina measann sé nó sí gur sáraíodh a chearta nó a cearta faoin Rialachán seo mar thoradh ar phróiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta i neamh-chomhlíonadh an Rialacháin seo.”

55. Ar leathanach 81, Airteagal 80(1):

in ionad: “1. [...] atá gníomhach sa réimse cosanta sonraí ó thaobh cearta agus saoirsí aahr sonraí a chosaint i ndáil lena sonraí pearsanta a chosaint, [...] i gcás ina bhforáiltear dó dó sin le dlí Ballstáit.”

léitear: “1. [...] atá gníomhach i réimse chosaint chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí i ndáil lena sonraí pearsanta a chosaint, [...] i gcás ina bhforáiltear dó sin le dlí Ballstáit.”

56. Ar leathanach 81, Airteagal 82(4):

in ionad: “[...] beidh gach rialtheoir nó próiseálaí faoi dhliteanas i leith iomlán an damáiste, ionas go n-áiríteofar go dtabharfar cúiteamh éifeachtach don ábhar sonraí.”

léitear: “[...] beidh gach rialaitheoir nó próiseálaí faoi dhliteanas i leith iomlán an damáiste, ionas go n-áiríteofar go dtabharfar cúiteamh éifeachtach don ábhar sonraí.”

57. Ar leathanach 82, Airteagal 83(2), pointe (k):

in ionad: “(k) aon imthosca ghéaraitheacha nó mhaolaitheacha eile is infheidhme i leith dálaí an cháis, amhail sochair airgeadais a gnóthaíodh, nó cailleanais a seachnaíodh, go díreach nó go hindíreach, as an sárú.”

léitear: “(k) aon imthoisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach eile is infheidhme maidir le dálaí an cháis, amhail sochair airgeadais a gnóthaíodh, nó cailleanais a seachnaíodh, go díreach nó go hindíreach, as an sárú.”

58. Ar leathanach 83, Airteagal 84(1):

in ionad: “1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis eile is infheidhme maidir le sárúithe ar an Rialachán seo, go hairithe sárúithe nach bhfuil faoi réir fínealacha ariaracháin de bhun Airteagal 83, agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.”

léitear: “1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis eile is infheidhme maidir le sárúithe ar an Rialachán seo a leagan síos, go háirithe i leith sárúithe nach bhfuil faoi réir fineálacha riaracháin de bhun Airteagal 83, agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.”.

59. Ar leathanach 85, Airteagal 89(1):

in ionad: “[...] más próiseáil í sin nach gceadaítear léi aitheantas na n-ábhar sonraí a chur in iúl nó nach gceadaítear sin a thuilleadh [...]”.

léitear: “[...] más próiseáil í sin nach gceadaítear léi aitheantas na n-ábhar sonraí a chur in iúl nó nach gceadaítear sin a thuilleadh [...]”.

60. Ar leathanach 85, Airteagal 89(2):

in ionad: “2. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit féadfar foráil a dhéanamh do mhaoluithe ó na cearta dá dtagraítear in Airteagal 15, 16, 18 agus 21 faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mhéid agus is dealraitheach go bhfágann cearta den sórt sin nach féidir na críocha sin a bhaint amach nó go gcuirfear bac tromchúiseach ar a mbaint amach, agus a mhéid a bhfuil gá le maoluithe den sórt sin chun na críocha sin a chomhlíonadh.”.

léitear: “2. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críoch staidrimh, féadfar, le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, foráil a dhéanamh do mhaoluithe ó na cearta dá dtagraítear in Airteagal 15, 16, 18 agus 21 faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mhéid is dócha go bhfágann na cearta sin go mbeadh sé dodhéanta na críocha sonracha a bhaint amach nó go gcuirfí bac tromchúiseach ar bhaint amach na gcríoch sin, agus a mhéid a bhfuil gá leis na maoluithe sin chun na críocha sin a chomhlíonadh.”.

61. Ar leathanach 85, Airteagal 89(3):

in ionad: “3. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, féadfar, le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, foráil a dhéanamh do mhaoluithe ó na cearta dá dtagraítear in Airteagal 15, 16, 18, 19, 20 agus 21 faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mhéid agus is dealraitheach go bhfágann cearta den sórt sin nach féidir na críocha sin a bhaint amach nó go gcuirfear bac tromchúiseach ar a mbaint amach, agus a mhéid a bhfuil gá le maoluithe den sórt sin chun na críocha sin a chomhlíonadh.”.

léitear: “3. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, féadfar, le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, foráil a dhéanamh do mhaoluithe ó na cearta dá dtagraítear in Airteagal 15, 16, 18, 19, 20 agus 21 faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mhéid is dócha go bhfágann na cearta sin go mbeadh sé dodhéanta na críocha sonracha a bhaint amach nó go gcuirfí bac tromchúiseach ar bhaint amach na gcríoch sin, agus a mhéid a bhfuil gá leis na maoluithe sin chun na críocha sin a chomhlíonadh.”.

62. Ar leathanach 88:

in ionad: “Arna dhéanamh in Strasbourg, an 27 Aibreán 2016”,

léitear: “Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Aibreán 2016”.